# Thaighde faoi úsáid na Gaeilge ar an raidió: Achoimre

**Eanáir 2018**

**Dr John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh**

**Dr Rosemary Day, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh**

## 1. Réamhrá

Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo staidéar bonnlíne a dhéanamh ar an soláthar reatha cláracha Gaeilge ar gach stáisiún ceadúnaithe AM/FM sa stát, seachas na stáisiúin a chraolann go hiomlán trí Ghaeilge. Go bhfios dúinn níor deineadh a leithéid de thaighde fós faoin soláthar beacht Gaeilge ar stáisiúin raidió na tíre. Creidimid gur gá an taighde seo a dhéanamh toisc go bhfuil cláracha Gaeilge i measc na ndualgas reachtúil a leagtar ar gach craoltóir raidió, go háirithe ar RTÉ. Tá forálacha ar leith faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 agus tá cur chun cinn cláracha Gaeilge i measc cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ).

Is achoimre í an tuarascáil seo den phlépháipéar Béarla 'Research on use of the Irish language on radio'. Féach an plépháipéar sin le haghaidh tuilleadh sonraí agus an tábla Excel ina dtugtar mioneolas faoi thorthaí an tsuirbhé.

## 2. Comhthéacs reachtúil

Is é an tAcht Craolachán 2009 an reachtaíocht uileghabhálach is déanaí agus is faoi a fheidhmíonn ÚCÉ. Déantar tagairtí sonracha don Ghaeilge san Acht a bhaineann le dualgais ÚCÉ féin agus le dualgais na gcraoltóirí. Leagtar na ceanglais reachtúla is suntasaí ar na craoltóirí poiblí ach tá an Ghaeilge luaite i measc na gcritéar a mheasúnsaítear agus cinneadh á dhéanamh faoi cheadúnas do chraoltóir neamhspleách.

## 3. Comhthéacs polasaí

Níl aon ráiteas sonrach straitéise ná cód cleachtais reatha ag ÚCÉ i leith na Gaeilge ach luaitear cur chun cinn cláracha Gaeilge sa *Ráiteas Straitéise* is déanaí uaidh (2017). Iarrtar ar iarratasóirí ar cheadúnais ráiteas a dhéanamh faoi mhéid agus faoi chineál na gcláracha a chraolfar (a) i nGaeilge agus (b) go dátheangach. In 2015 d'fhoilsigh RTÉ plean gníomhaíochta cúig bliana, *Meáin Ghaeilge RTÉ*, chun forbairtí éagsúla faoin nGaeilge a thabhairt i gcrích. Is í an chéad sprioc ná an Ghaeilge a leathnú ar fud na sceideal go léir ionas go mbeidh an Ghaeilge níos suntasaí agus níos feiceálaí ar sheirbhísí RTÉ.

4. **Modheolaíocht**

Baineann an taighde seo le gach stáisiún raidió analógach de chuid RTÉ nó a cheadúnaigh ÚCÉ le craoladh ar AM/FM. Níor cuireadh stáisiúin lán-Ghaeilge, stáisiúin a chraolann ar líne nó ar DAB amháin, stáisiúin pháirtaimseartha ná stáisiúin institiúideacha (ospidéil) san áireamh. D'fhág sé sin iomlán 59 stáisiún ar deineadh taighde orthu.

Mar chéad chéim, deineadh anailís ar na sceidil chraolta a d'fhoilsigh na stáisiúin ar a suíomhanna idirlín. Cuireadh na torthaí i gcomparáid le taighde a deineadh cheana faoi na scéimeanna *Cogar* agus *Aerthonnta* a raibh/a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le craoltóireacht na Gaeilge. Cuireadh litir chuig na stáisiúin uile agus iarradh orthu na torthaí a dheimhniú nó a cheartú. Sa chás nár freagraíodh litreacha, seoladh teachtaireachtaí ríomhphoist nó glaodh ar bhainisteoirí stáisiúin. Tar éis iliomad iarrachtaí, fuarthas freagraí ó 53 as 59 stáisiún nó díreach faoi bhun 90 faoin gcéad den iomlán. Baineann na torthaí a fhoilsítear anseo le hEarrach 2017.

Tugadh ualú 1.0 do chláracha a tuairiscíodh a bheith in Gaeilge amháin. Má dúradh gur clár dátheangach a bhí i gceist, tugadh ualú 0.5 dó. Níor cuireadh úsáid 'an chúpla focal', ná úsáid fhánach na Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge san áireamh, toisc nár fhéadamar eolas beacht a fháil. Mura bhfuarthas freagra ó stáisiún, breacadh é sin sa tábla. Roimh dúinn an tuarascáil a fhoilsiú, tugadh deis do na stáisiúin an t-eolas a dheimhniú.

5. **Torthaí**

***Uaireanta craolta i nGaeilge***

Tá líon na n-uaireanta craolta i nGaeilge nó go dátheangach an-íseal, 3:30 uair sa tseachtain ar an meán (athchraoltaí san áireamh). Den chuid is mó, craoltar na cláracha Gaeilge lasmuigh de na buaicamannta (0700-1900). Is iad na stáisiúin óige iRadio (Northwest agus Northeast & Midlands) is mó a sholáthraíonn cláracha Gaeilge (44:30 uair nó 26 faoin gcéad dá gcláracha) ach is le linn na hoíche a chraoltar an chuid is mó de na huaireanta sin. Is iad stáisiúin óige Spin (Southwest agus 103.8) an dara dream is mó (6 huaire nó 2.6 faoin gcéad dá gcláracha). Tá Flirt FM (Gaillimh) chun cinn i measc na stáisiún pobal (8 n-uaire nó 10 faoin gcéad dá chláracha).

***Bunchláracha Gaeilge***

Craolann móramh de na stáisiúin (40 as 59) cláracha Gaeilge nó dátheangacha dá gcuid féin.

***Athchraoltaí***

Athchraolann cúig stáisiún (BEAT 102-103, Claremorris Community Radio, Community Radio Youghal, Dublin South FM agus Dundalk FM) cláracha seachtracha i nGaeilge amháin agus ní sholáthraíonn siad a gcuid cláracha féin. Seachas BEAT 102-103, braitheann na ceithre

stáisiún pobail ar athchraoltaí ó Raidió na Life. Seachas an tseirbhís nuachta Gaeilge, is ar athchraoltaí ó RTÉ Raidió na Gaeltachta atá cláracha Gaeilge RTÉ Radio 1 bunaithe.

***Gan aon ábhar Gaeilge***

Léirigh an taighde nach gcraolann ceithre stáisiún aon ábhar Gaeilge in aon chor ina gcuid sceidil. Is iad sin na trí stáisiún tráchtála (Galway Bay FM, KCLR FM agus Today FM[1]) agus an stáisiún pobail Ros FM.

***Míreanna Gaeilge***

Níl aon chlár Gaeilge nó dátheangach dá gcuid féin ag ceithre stáisiún tráchtála (98FM, C103, Cork's 96FM agus Q102) agus ní chraolann siad ach míreanna gearra Gaeilge nó dátheangacha (60-90 soicind) trí nó ceithre huaire in aghaidh an lae. Is ionann na stáisiúin nach gcraolann aon chlár Gaeilge/dátheangach nó a chraolann míreanna Gaeilge amháin agus 15.2 faoin gcéad den iomlán (9 as 59).

***Contaetha Gaeltachta***

Freastalaíonn idir stáisiúin thráchtála áitiúla agus réigiúnacha ar an nGaeltacht. Cé go bhfuil limistéar Gaeltachta ina gceantar saincheadúnais, ní chraolann roinnt acu clár Gaeilge ar bith.

a) *Corcaigh*: Ní chraolann aon cheann de stáisiúin áitiúla Chorcaí (C103, Cork's 96FM, Red FM) cláracha iomlána Gaeilge. Craolann Spin Southwest (a chlúdaíonn Gaeltacht Chorcaí) 6 huaire sa tseachtain (3.6 faoi gcéad).
b) *Ciarraí*: Craolann Radio Kerry 3 uaire an chloig i nGaeilge gach seachtain (timpeall 2 faoin gcéad den aschur). Freastalaíonn Spin Southwest (féach thuas) ar Ghaeltacht Chiarraí chomh maith.
c) *Gaillimh*: Cé go bhfuil ceantar mór Gaeltachta i nGaillimh, ní chraoltar aon ábhar Gaeilge ar Galway Bay FM. Soláthraíonn an stáisiún réigiúnach iRadio Northwest céatadán ard cláracha Gaeilge (féach thuas).
d) *Maigh Eo*: Craolann Midwest Radio 3:15 uair Gaeilge sa tseachtain. Freastalaíonn iRadio Northwest ar Mhaigh Eo chomh maith.
e) *Dún na nGall*: Craolann Highland Radio 3:37 uair sa tseachtain i nGaeilge (timpeall 2 faoin gcéad den aschur), cé go bhfuil ceantar mór Gaeltachta sa chontae sin. Freastalaíonn iRadio Northwest ar Dhún na nGall chomh maith.
f) *An Mhí*: Craolann LMFM, an stáisiún a bhfuil Gaeltacht na Mí ina cheantar saincheadúnais, 2:35 uair sa tseachtain nó beagnach 1.5 faoin gcéad den aschur. Freastalaíonn an stáisiún réigiúnach iRadio (Midlands and Northeast), a chraolann líon ard cláracha Gaeilge (féach thuas), ar an Mí chomh maith.

---

[1] In ainneoin iliomad iarrachtaí, ní bhfuarthas freagra ó Today FM. Mar sin féin, chuala na taighdeoirí míreanna gearra Gaeilge á gcraoladh ar an stáisiún.

g) *Port Láirge*: Craolann an stáisiún áitiúil WLR leathuair an chloig Gaeilge sa tseachtain (timpeall 0.25 faoin gcéad den aschur). Craolann an stáisiún réigiúnach BEAT 102-103 4:25 uair sa tseachtain in Gaeilge (timpeall 2.7% den aschur).

***Stíl cláracha***

Tugann na teidil leid faoi ábhar agus stíl na gcláracha Gaeilge, mar shampla *Ceol agus Caint*, *Craic agus Ceol*, *Craic an Lae* agus *Aon Chraic?* Thuigfí uathu seo gur mar chaitheamh aimsire nó ábhar siamsaíochta agus ní mar theanga bheo phobail a fhéachann na stáisiúin ar an nGaeilge. Níl ach líon teoranta cláracha irise ar fáil.

***Seirbhís nuachta Gaeilge***

Craolann RTÉ Radio 1 agus RTÉ lyric fm seirbhís laethúil nuachta in Gaeilge agus craoltar nuacht Ghaeilge ar RTÉ 2fm ó Luan go hAoine. Ní chuireann aon stáisiún tráchtála ná pobail seirbhís laethúil nuachta Gaeilge ar fáil.

## 6. Conclúidí agus moltaí polasaí

***Conclúidí***

30 bliain tar éis don raidió neamhspleách dleathach teacht ar an bhfód in Éirinn, níl ach ról imeallach ag an nGaeilge ar na stáisiúin raidió a chraolann i mBéarla den chuid is mó. Tá sé seo amhlaidh in ainneoin na bhforálacha reachtúla maidir leis an nGaeilge sa phróiseas ceadúnaithe a chuireann iachall ar gach stáisiún í a chur san áireamh ina gcuid cláracha. De ghnáth ní chraolann na stáisiúin ach méid beag Gaeilge agus is lasmuigh de na buaicamannta, den chuid is mó, a bhíonn siad le cloisteáil. Ní chraolann ach RTÉ seirbhís nuachta laethúil Gaeilge agus is minic cuma shiamsúil nó neafaiseach ar an líon beag cláracha Gaeilge a chloistear ar na stáisiúin neamhspleácha. Braitheann go leor stáisiún pobal ar athchraoltaí ó Raidió na Life. Ní chraolann roinnt stáisiún Gaeilge ar bith, stáisiúin a bhfuil limistéir Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais san áireamh.

Tá na míreanna faoin nGaeilge sa reachtaíocht lag agus neamhbheacht. Ní leagann sí síos spriocanna cinnte ná céatadáin maidir le soláthar cláracha Gaeilge. Ní cosúil go dtugann córas monatóireachta ÚCÉ tús áite d'úsáid na Gaeilge ar an aer. Tá na forálacha reachtúla i dtaca leis an nGaeltacht níos déine, agus tá dualgas ar an gcoiste cuí de chuid ÚCÉ aird a thabhairt ar bhuanú agus ar chur chun cinn na Gaeilge má tá limistéar Gaeltachta sa cheantar a bhfuiltear ag lorg ceadúnais faoina choinne. Mar sin féin, teipeann ar roinnt stáisiún an sprioc sin a bhaint amach.

Cé go bhfuil tuilleadh taighde de dhíth, táimid den tuairim go dtuigtear do na stáisiúin gurb ionann an ceanglas reachtúil teanga agus íosmhéid Gaeilge a dhíreofaí ar ghnáthéisteoirí a bhfuil roinnt Gaeilge acu agus bá acu léi, seachas ar chainteoirí laethúla, líofa Gaeilge. Is léiriú é sin ar chlaonadh sóisialta níos leithne a thugann tús áite do ról siombalach na Gaeilge seachas dá cothú mar theanga labhartha.

***Moltaí***

- Molaimid go dtreiseofaí na míreanna faoin nGaeilge san Acht Craolacháin 2009 chun cur ar chumas ÚCÉ polasaí Gaeilge níos réamhghníomhaí a fhorbairt i bpáirt leis na stáisiúin raidió. Chuige sin, chaithfí Alt 66 (2) (d), a bhaineann le stáisiúin raidió go ginearálta, agus Alt 66 (3), a bhaineann le stáisiúin a bhfuil limistéir Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais, a leasú.
- Molaimid do ÚCÉ agus do na stáisiúin raidió cur lena dtuiscint de na cineálacha éisteoirí a bhfreastalaíonn cláracha Gaeilge/dátheangacha orthu: (a) daoine a labhraíonn an Ghaeilge go líofa agus go rialta agus (b) daoine a bhfuil roinnt Gaeilge acu, a bhfuil gean acu uirthi agus ar mhaith leo tuilleadh di a chloisteáil ar a stáisiún raidió. Is gá go dtabharfaí ÚCÉ feidhm arís do Choiste Comhairleach Gaeilge agus d'Oifigeach Gaeilge chun (a) feasacht faoi agus tuiscint ar an nGaeilge a chothú san earnáil agus (b) polasaí réamhghníomhach Gaeilge a fhorbairt. San áireamh sa pholasaí nua bheadh forbairt cláracha Gaeilge d'éisteoirí óga. Molaimid chomh maith go gcuirfeadh ÚCÉ an Ghaeilge san áireamh san athbhreithniú rialta a dhéantar ar stáisiúin raidió.
- Molaimid go mbeadh sé d'aidhm ag gach stáisiún a chuid cláracha Gaeilge féin a chruthú a bheadh in oiriúint dá n-éisteoirí féin agus go gcraolfaí níos mó Gaeilge le linn buaicamannta éisteachta. Ba cheart do stáisiúin a bhfuil limistéir Ghaeltachta ina gceantair shaincheadúnais i bhfad níos mó Gaeilge a chraoladh. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar chuóta sna conarthaí craolacháin a d'aontófaí leo. Ba cheart do na stáisiúin óige ról ar leith a bheith acu i gcruthú cláracha Gaeilge.